# Guth Ghoill

Luach € 2.00


## An "*St. Columba*" i mBá an Scáta



*Criú an bháid ar an lá - Mícheál Mac Rodaí, Jacky Prendergast, Hugh Mac Giolla Bhríde (Creamhghort) agus Pete Mac Giolla Bhríde.*


**Déan teagmháil linn:**

**Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.**

**Fón: 074 9154830 / Facs: 074 9154830 / Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net**

# AN CLÁR

**Ros na Binne**
- Teach Bhrógáin. 3
- Teach Stephen 6

**Cúrsaí Liteartha sa Cheantar 1901** 9

**Comórtas Agallamh Beirte Céim Aniar 2011** 16

**Feadaímó** 17

**Ag Amharc Siar**
le Proinsí 19

**Oíche Ghaelach**
in Óstán na Trá 20

# Ros na Binne

*Ar leanstan*

## Teach Bhrógáin.



Sa teach deireanach ar thaobh na farraige i Ros na Binne ba é Hughie Connor agus a bhean Fenny na chéad tionóntaithe a raibh cónaí orthu ansin. Sular tugadh amach na tithe coiteora cuireadh coiste ar bun sna ceantair éagsúla agus bhí sé de dhualgas ar an choiste seo ainmneacha na ndaoine a raibh teach de dhíth orthu a bhreacadh síos nó cluas a thabhairt do dhaoine a bheadh ag déanamh ionadaíocht thar ceann na ndaoine seo. De réir tuairisc an choiste a cuireadh ar bun sa cheantar seo ba é ainm Edward Connor a bhí leis an teach seo i Ros na Binne ach ba é a dheartháir Hughie a chuaigh a chónaí ann. Mac le Hughie agus Ellen Connor as Dumhaigh a bhí in Hughie, iascaire a bhí pósta ar Fenny Shíle, (Fenny Ní Shiadhail) as na Dúnaibh. Bhí sé fhéin agus Fenny pósta tuairim is ocht mbliana fán am a ndeachaigh siad a chónaigh i Ros na Binne. Cúigear clainne a bhí acu fán am sin ach níor mhair beo ach triúr, a mac John a bhí os cionn trí bliana d'aois agus beirt iníonacha, Nellie a bhí bliain go leith agus Síle nach raibh ach trí mhí fán am seo. Dar ndóigh rugadh an mhuintir eile acu ina dhiaidh seo, Josie, Hughie, Máire agus Annie.

Bhí a dheartháir John agus a bhean Síle (Síle Aindí Hiúdaí), Síle Nic Giolla Chearra, deirfiúr le Cití Francie ar labhair muid fúithi san eagrán deireanach beo leo sa teachseo fosta. Bhí triúr páiste acu fosta comh maith le máthair Shíle, sin Nancy Nic Giolla Chearra. Bhí an duine is sine de na páistí, sin Máire, trí bliana, Aindrias bliain go leith agus cha raibh an duine ab óige ag an am, sin Annie, ach mí d'aois.

Ach níor fhan Hughie Connor sa teach seo agus níl eolas ar bith faoi cá huair a d'fhág sé ach is cinnte gur aistrigh sé ag am éigin go dtí teach eile i Ros na Binne, ba seo teach a bhí sa tsraith tithe a bhí os cionn an bhealaigh, an dara teach deireanach ar do bhealach amach in aice le teach Pheadar Uí Shibhleáin. Beidh muid ag caint faoin teach seo arís in eagrán eile de Ghuth Ghoill.

### James Agus Máire Bhrógáin.

Nuair a d'fhág Hughie Connor an chéad teach a raibh sé ann i Ros na Binne ba James a' Bhrógáin agus a bhean Máire a bhog isteach ina ndiaidh.

Rugadh James a'Bhrógáin ar an Mheall Mhór ar an 16 Meán Fómhair 1898, mac le Micheál Ó Brógáin agus a bhean Máire. Bhí teaghlach mhór acu ann, Pádraig, Madgie, Cití, James, Máire, Annabella, Hughie, Micheál, Antoin agus Johnny. Bhí James pósta ar Mháire Nic Giolla Bhríde (Máire Ghráinne) a rugadh ar an Raplach ar an 14 Mí na Nollag 1899, iníon le Stephen (Ghráinne) agus Máire Nic Giolla Bhríde. Pósadh James agus Máire i dTeach Pobail Eoin Baiste i gCarraig Airt ar an 24 Aibreán 1924.

Iascaire a bhí in James agus chaith sé neart blianta ag iascaireacht ar an 'Carrigart' agus fosta chaith sé neart séasúr ag iascaireacht bradán ar bhádaí Hughie Óg - an 'Pious and Jude' agus an 'St. Columba'.

Gasúr ar bith a chaith seal ag 'caddyáil' fá Óstlann Ros na Binne blianta ó shin bheadh aithne mhaith acu ar an Teach Níocháin (Laundry) a bhí acu mar go raibh tap an uisce ar chúl an Tí Níocháin agus nach minic agus muid thuas ansin le deoch uisce a fháil, lá te Samhraidh, a chuirfeadh



*Ó chlé tá: James a'Bhrógáin, Dinis Ó Gallachóir, Dan Ó Luadhóg, Anton Rua Mac Eiteagáin agus Johnny Ó Cuilinn ar an "Carrigart"*

muid ár gcloigeann isteach ar dhoras an tí seo agus bhí beirt istigh anseo ag obair na blianta sin a bhfuil cuimhne mhaith agam fhéin orthu go fóill,



*Ó chlé tá Sarah Duffy, Peigí Mhic Íomhair, Máire Uí Bhrógain agus Maire Ní Dhochartaigh taobh amuigh den teach níocháin.*

ba sin beirt as na tithe coiteara, Sarah Mhór agus Máire Bhrógáin. D'oibrigh Máire ansin ón bhliain 1937 go dtí na seachtóidí.

Sé bliana déag agus trí scór a bhí James nuair a fuair sé bás ar an ochtú lá fichead de Mheán Fómhair 1974. Thug Máire saol fada folláin léithe agus bhí sí ceithre bliana déag agus na ceithre scór nuair a d'fhág sí slán ag an saol seo ar an cheathrú lá fichead de mhí Iúil 1993.

Rugadh cúigear clainne dóibh ach tá triúr acu anois ar shlí na fírinne. Rugadh Máire sa bhliain 1925 ach ar an drochuair fuair sí bás agus gan í ach ina tachrán sa bhliain 1932.
Rugadh Johnny an t-aon mhac a bhí acu sa bhliain 1926 agus fuair sé bás sa bhliain 1998. Fuair Madge, a rugadh i mí Meithimh 1929 bás i mí na Samhna 2000. Ach tá Sarah, a rugadh mí na Samhna 1931 agus Mary Agnes, a rugadh Meán Fómhair 1934 i mbarr a sláinte i gcónaí.



*Maire agus James Lá a bpósta, 1924*

Fuair an chlann uilig a gcuid oideachais i scoil Cheann na Leargaí ach nuair a druideadh an scoil seo sa bhliain 1944 chaith Sarah agus Mary Agnes a gcuid blianta deireanacha scolaíochta i nDoire a' Chasáin. Nuair a d'fhág siad an scoil bhíodh siad ag obair thall agus abhus sa cheantar. Chaith Madge tréimhse ama ag obair i siopa Ghriffin i gCarraig Airt, bhí Sarah ag obair tigh Ghriffin fosta agus ansin ba ghnách léi obair tí a dhéanamh do theaghlach Mhac Nuadhat sna Dúnaibh. Chaith Mary Agnes tréimhse ag foghlaim a ceirde mar mhaintín (dressmaker) i gCarraig Airt. Ansin d'oibrigh sí tamall in Óstlann Ros na Binne. Ach ba seo tréimhse a raibh beagán fostaíochta fán cheantar seo ná fá cheantar ar bith eile agus ní raibh de rogha ag daoine sna blianta sin ach aghaidh a thabhairt ar an choigríoch agus ar an drochuair don tír seo cailleadh cúpla glún daoine. D'imigh clan Uí Bhrógáin thar lear sna daichidí agus sna caogaidí. Chaith siad tréimhsí i nGlaschú, i mBirmingham agus i Londain go dtí sa



*Ó chlé tá Madge, Mary Agnes agus Sarah taobh amuigh den teach i Ros na Binne sna caogaidí.*

deireadh gur lonnaigh Johnny i Leeds agus na girseachaí i Luton.

Bhí Johnny pósta i Leeds ar bhean as Ros Comáin, Winnie Comer, agus bhí beirt ghirseach acu; bhí Madge pósta ar Tony McGrath as Paiteagó agus beirt chlainne a bhí acu, gasúr agus girseach; phós Sarah Joe McGrath as Paiteagó sa bhliain 1960, tá siad beo i gcónaí i Luton agus ceathrar clainne acu, triúr girseach agus gasúr amháin; agus phós Máire Agnes fear as Baile Shamhnais (Ballyhaunis), tá siad beo i Luton go



*Johnny agus a bhean chéile, Winnie Lá a bpósta, 1950.*

fóill agus cúigear clainne acu, beirt ghirseach agus triúr gasúr.

Ba ghnách lena máthair Máire Ghráinne cuairt a thabhairt orthu thall le linn míonna an Gheimhridh. Bhí dúil mhór aici a bheith ábalta am a chaitheamh lena clann agus lena garpháistí ach bhíodh lúcháir uirthi fosta a bheith ag teacht 'na bhaile chuig a cairde agus a comharsana i Ros na Binne. Bhíodh na comharsana i Ros na Binne, mar a bhíodh in áiteacha eile san am sin, amach is isteach ag a chéile achan lá agus cé nach raibh teilifís ar bith ag Máire choinnigh teilifís na gcomharsan í ar an eolas i gcónaí faoi cad é a bhí ag tarlú sna sobaldhrámaí (soaps), a leithéidí Crossroads agus Coronation St.



*Sarah, Máire agus Madge sna caogaidí.*

Ba ghnách lena clann agus a dteaghlaigh a theacht 'na bhaile achan Samhradh go Ros na Binne. Cé go mbíodh an teach beag coiteora breá pacáilte i rith an tSamhraidh ní chuireadh sin isteach ná amach ar dhuine ar bith acu, bhí an oiread sin sonais agus draíochta ag baint le bheith sa bhaile agus bhí neart páistí fá Ros na Binne le dhul ag súgradh lena gcuid páistí.

Tá an teach in úsáid go fóill ag an chlann agus na garpháistí mar theach saoire agus tagann siad abhaile go rialta.



*Máire Bhrógain sna nochaidí*

Bhí cuibhreann uachtarach isteach leis na tithe ar thaobh na farraige i Ros na Binne, áit ar ghnách prátaí agus glasraí a chur. Dhíol Máire Bhrógáin an cuibhreann seo sna seachtóidí ach tháinig an cuibhreann ar an mhargadh arís sa bhliain 2005 agus cheannaigh gariníon Mháire, sin Anne agus a fear céile Seán, an cuibhreann ar ais agus tá teach breá dá gcuid fhéin tógtha acu air anois.

Is deas an rud é go bhfuil Teach Bhrógáin go fóill i seilbh an teaghlaigh agus go bhfuil teach úr tógtha ag glún eile de chlann Uí Bhrógáin in aice an tseantí.



*Sarah agus Madge taobh amuigh den teach sna nóchaidí.*

# Teach Stephen.

Ba theaghlach Aindí Mhic Pháidín (Andrew Mac Fadden) as Doire a'Chasáin an chéad teaghlach a bhí sa teach seo, an chéad teach os cionn an bhealaigh, sin an teach atá buailte le cúrsa gailf Ros an Binne. Seachtar acu a bhí sa teach, Aindrias a bhí deich mbliana agus fiche, a bhean Margery agus beirt pháiste, gasúr a raibh Chéarlaí air (2 bhliain d'aois) agus girseach a raibh Máire uirthi (faoi bhliain d'aois). Bhí a mháthair Cití a bhí ina baintreach, a dheirfiúr Unity agus deartháir leis a raibh Paidí air ina gcónaí sa teach leis fosta. Tá iascaire luaite leis fhéin agus lena dheartháir mar shlí beatha. De réir daonáireamh na bliana 1901 bhí cónaí orthu i nDoire a' Chasáin ach ní raibh duine ar bith luaite sa daonáireamh sin ach a mháthair agus a dheirfiúr. De thairbhe go raibh tionscal na hiascaireachta i mbarr a réime sa cheantar ag an am d'fhéadfadh sé bheith go raibh cuid mhaith de na fir amuigh ag iascaireacht nuair a líonadh isteach foirmeacha an daonáirimh.

Nuair a d'fhág Aindrias Mac Pháidín an teach seo tháinig Stephen Ó Sibhleáin (Stephen a'Pharthálainn) a chónaí ansin ina dhiaidh. Ba as an Ghlíob Stephen agus bhí a dteach agus seanteach Phat faoin díon amháin. Ochtar clainne a bhí ag a thuismitheoirí Paidí agus Agnes: Micí (1877), Stephen (1885), Sophie (1887), Johnny (1889), Gracie (1891), Biddí (1893), Agnes (1894), Páidí (1900).




*Stephen Ó Sibhleáin le Jacob Mac Giolla Choinnigh*

Phós Stephen Máire Ní Dhochartaigh as Ailt a'Chaorthainn. Bhí máthair Mháire, sin Máire Mhicí, pósta ar Phat Doherty as Cockhill i mBun Crancha. Bhí siad ina gcónaí in Albain agus beirt pháiste acu Máire agus Micí. Bhí sinseanathair Martin McGuinness agus an Pat Doherty seo ina dheartháireacha. Maraíodh é le linn dó a bheith ag obair ar an bhóthar iarainn agus bhí Máire fágtha le beirt pháiste óga, Máire agus Micí. Tháinig Máire 'na bhaile go hAilt a'Chaorthainn lena cuid paistí agus nuair a tógadh na tithe coiteora i Ros na Binne chuir sí isteach ar cheann acu agus d'éirigh léi ceann acu a fháil. Bhí cónaí uirthi os cionn an bhealaigh ag an cheann eile den bhaile ó Theach Stephen. Mar a dúirt mé phós Stephen Ó Sibhleáin iníon Mháire, sin Máire óg, agus chuaigh siad a chónaí sa teach i ndiaidh do Aindrias Mac Pháidín imeacht as. Chaith Stephen blianta ag iascaireacht, seo le linn tréimhse ama a raibh iascaireacht mhór ar siúl sna Dúnaibh agus a raibh achan teaghlach ag saothrú punt as, ar dhóigh amháin nó ar dhóigh eile. Nuair a tháinig meath ar an iascaireacht chuaigh sé ag obair mar 'caddymaster' in óstlann Ros na Binne. Ghlac sé áit Jacob Mac Giolla Choinnigh as Míobhaigh Íochtarach a bhí sa phost sin roimhe. Chaith sé os cionn fiche bliain ag obair anseo. Bhí Stephen ag tarraingt ar na ceithre scór nuair a fuair sé bás sa bhliain 1963. Fuair a bhean Máire bás agus gan í ach tuairim is na trí fichid. Fear a bhí i Stephen a raibh dúil mhór aige sa ghreann agus sa chleasaíocht. Is cuimhin liom go maith laetha Samhraidh ag an 'chaddy-house' agus le linn do rudaí a bheith iontach suaimhneach agus gan mórán a dhéanamh deireadh sé linn - 'ar shiúl amach síos an lea libh anois, beidh shower ladies anall anseo as Baile 'n Fhuaruisce ar ball beag'.

Thóg sé fhéin agus a bhean Máire teaghlach mór sa chottage. Bhí Paidí, Micí, Stephen, Johnny, Josie, Peadar, Máire agus Agnes agus gasúr beag a fuair bás óg. Tá siad uilig anois ar shlí na fírinne ach amháin Peadar agus Agnes. Thug pliúraisí bás Stephen nuair nach raibh sé ach cúig bliana is fiche. Ba chócaire a bhí ann agus ar an drochuair dó nuair a bhuail an pliúraisí é cha raibh siad ábalta déanamh amach cad é a bhí air go dtí go raibh sé rómhall.

Ba chócaire a bhí in Paidí fosta. D'oibrigh sé in Óstlann Ros na Binne agus fosta thuas i Ramhros

ag an Tiarna agus an Bhantiarna Liatroma. D'imigh sé ansin agus chaith sé cuid mhaith dá chuid ama i Londain áit a raibh sé pósta ar Mharyanne Ní Luodhóg (Shéamais) as Dún Dubháin ach chaith sé a chuid blianta deireanacha fá bhaile i ndiaidh do Mharyanne bás a fháil thall. Cha raibh clann ar bith acu agus fuair Paidí bás mí Meán Fómhair 1995.

Ba ghailféir den scoth a bhí in Johnny agus chaith sé roinnt blianta ag obair ar an chúrsa gailf i gCarraig Airt. Thug sé aghaidh ar Ghlaschú ansin agus as sin go Londain áit ar phós sé agus ar thóg sé clann agus ba ansin a chaith sé an chuid eile dá shaol. Bhuail ailse Johnny agus shocraigh sé go dtabharfadh sé ruaig 'na bhaile, thuig sé gur a thuras deireanach 'na bhaile a bheadh


Paidí Stephen


Maryanne (bean Phaidí)

ann. Tháinig sé fhéin agus a bhean 'na bhaile tí Stephen agus nach iontach an rud é, ach le linn dó a bheith sa bhaile fuair sé bás. Cha raibh sé ach na trí bliana agus trí scór.

D'imigh Josie go dtí an Astráil áit a raibh sé pósta agus clann aige. Ní bhfuair sé deis a theacht na bhaile arís ach roinnt blianta ó shin tháinig cuid dá chlann anall le bualadh lena gcuid daoine muinteartha uilig.


Josie agus Johnny

Bhí an chuid eile den chlann pósta fán cheantar. Phós Micí Maryanne Nic Giolla Chomhaill (Maryanne Coyle) agus thóg siad a gclann in Ailt a'Chaorthainn. Phós Máire Charlie Bán Mac Laifeartaigh as Dumhaigh agus thóg siad a gclann i dteach Stephen. Cha raibh Agnes pósta agus d'fhan sí sa teach le Máire agus le Charlie. Tógadh Peter i dteach na máthar móire áit a bhfuil cónaí air go fóill. Phós sé Máire


Maryanne agus Micí

Ní Laighneach as Umlach agus thóg siad a gclann sa teach coiteora inár tógadh é. Beidh an teach seo ar an teach coiteora deireanach i Ros na Binne a mbeifear ag cur síos air i nGuth Ghoill.

Ochtar clainne a bhí ag Máire agus Charlie Bán: Hughie, Stephen, Máire (a fuair bás), Ann, Aifric, Máire, Bríd agus Paidí Bán. Sé bliana go leith d'aois a bhí Máire nuair a fuair sí bás. Bhí sí ag éagaoin ar feadh tréimhse le leoicéime (leukaemia) sula bhfuair sí bás ar an dara lá fichead de Lúnasa 1958. Bhí a deartháir Hughie, a bhí deich mbliana


Agnes agus Máire

ag an am, amuigh ag caddyáil agus ag dul thart leis an teach dó chuaigh sé 'un tí le deoch uisce a fháil agus ar dhul isteach na cistinne dó h'insíodh dó go raibh a dheirfiúr ag fáil bháis. Fuair tachrán eile leo, Aeneas, nach raibh ach cúpla mí bás roimhe sin. Is mór an buille atá ann do thuismitheoirí ar bith duine dá gclann a fheiceáil ag fáil bháis agus is cinnte gur chuir sé isteach go mór ar Mháire agus ar Shéarlaí go ceann fada go leor. Tá an chuid eile den chlann uilig pósta, cuid acu ina gcónaí fán cheantar agus an chuid eile acu fá Leitir Ceanainn.



*Charlie agus Máire a fuair bás.*

Fuair Chéarlaí Bán bás i mí Aibreán na bliana 1998 agus é ocht mbliana le cois na ceithre scór, agus a bhean Máire an bhliain déag 'na dhiaidh sin, Deireadh Fómhair 2009 agus í an bhliain déag le cois na ceithre scór. Bean lách charthanach a bhí i Máire nár fhág a dhath de chuid tréithe a hathar ina diaidh mar go raibh sí lán grinn agus tugtha don gháire. Rinne Chéarlaí neart iascaireachta ina am, idir scadáin agus bradáin ach ar feadh tréimhse fada ina shaol cha raibh iascaireacht ar bith fán cheantar ach iascaireacht na mbradán. Fear stuama agus suaimhneach a bhí in Chéarlaí agus bhí amanna ann nach mbeadh mórán comhrá ann, ach bhí taobh eile ann fosta, go háirithe nuair a bhíodh sé ag iascaireacht thiocfadh leis a bheith glórach, colgach agus cantalach go leor. Ach nuair a bheadh cúpla 'ceann te' istigh aige leáfadh na tréithe diúltacha seo agus gheofá an chuid ab fhearr de chomhrá as. Agus nuair a bheadh sé súgach bhí sé de nós aige cuid mhór láimhseáil a dhéanamh lena bhairéad ar bharr a chloigne, a thógáil de agus a chur air arís, nuair a bhíodh sé i mbun scéil.

Tá Agnes beo sa teach i gcónaí agus clann Mháire ag tabhairt aire mhaith di. Tá teach úr tógtha ag Ann sa chuibhreann uachtarach agus teach tógtha ag Paidí Bán sa chuibhreann íochtarach. Tá glúin eile de mhuintir Stephen ag fás aníos thart fá Theach Stephen.



*Hughie, Stephen, Maire a fuair bás, Ann agus Aifric*

**Is beag an deor fola**
**nach teo í**
**ná an t-uisce**

# Cúrsaí Liteartha (Léamh agus Scriobh) sa Cheantar 1901.



*Scoil Dhoire a'Chasáin*

Don eagrán seo rinne mé scrúdú ar dhaonáireamh na bliana 1901 le fáil amach cad é mar bhí cúrsaí liteartha ( léamh agus scríobh ) sa cheantar seo ag tús an chéad dheireannaí, an líon daoine a bhí liteartha agus an líon a bhí neamhliteartha.

Mar a bheifeá ag súil leis bhí céadatán ard den daonra nach raibh léamh ná scríobh acu agus is cinnte gur mhór an mhíbhuntáiste seo dóibh. Is fiú amharc ar an deis a bhí ag daoine ag an am sin scolaíocht a fháil agus na cineálacha scoltacha a bhí fán cheantar.

## Scoil Chois Claí.
## (Scoil Scairte nó Hedge School).

Roimh am na scoltacha náisiúnta bhí scoltacha scairte nó 'hedge-schools' mar a ghlaoití orthu thall is abhus ar fud na gceantracha éagsúla. D'fhás siad seo suas in am na bPéin Dlíthe nuair nach raibh sé ceadaithe ag Caitlicigh oideachas a chur ar a gcuid páistí ach tháinig deireadh leis na dlíthe seo 1782 ach is cinnte gur mhair na scoltacha mar nach raibh córas ceart oideachais ann do na bochtáin. Cé gur glaodh 'hedge school' orthu ní raibh siad i gcónaí cois claí ná amuigh faoin aer, ba mhinicí na scoltacha seo i seantithe, i sciobóil nó i mbotháin. Go minic is fear as an cheantar a mbeadh foghlaim aige a bheadh i mbun na scoile agus bhí an caighdeán foghlama ag brath ar cad é comh léannta agus a bhíodh an fear fhéin. Bhí amanna eile agus ba fhear ón taobh amuigh, múinteoir taistil, a chuirfeadh an scoil ar bun agus d'fhéadfadh sé tarlú nach mairfeadh an scoil ach cúpla mí. Ar aon nós cha raibh córas oideachais ar bith eile ann go ceann fada go leor agus d'éirigh le méid áirithe daoine leas de chineál inteacht a bhaint as na scoltacha scairte. Bhí scoltacha scairte ann, dár ndóigh, a bhí an-cháiliúil, inár fhoghlaim daoine, ní amháin léamh, scríobh agus uimhríocht ach fosta Laidin agus Gréigis. Bhí a mhacasamhail de scoil sa dráma cáiliúil a scríobh Brian Friel – 'Translations'. Ach i bhfurmhór na scoltacha scairte is léamh agus scríobh ba mhó a bhí a theagasc agus go minic cha raibh seo déanta ar dhóigheanna oilte a mbainfí tairbhe astu. Is féidir a shamhlú cad é comh deacair agus a bheadh sé seo a dhéanamh i dtimpeallacht lom fuar gan áiseanna de chineál ar bith agus gan freastal rialta a bheith a dhéanamh ag na páistí.

## Scoltacha Colonel Robertson.

Mac le ministir as Baile Dhún na nGall ab ea Colonel Roberston. Ina thiomna sa bhliain 1792 d'fhág sé suim airgid, as a n-úsáidfí an t-ús (interest), le tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí scoile oideachas a chur ar fáil do pháistí as gach creideamh i nDeoise Ráth Bhoth. D'fhág sé £9300 ina thiomna ag Deoise Ráth Bhoth, ba sin £300 d'achan cheann de na 31 paróiste sa Deoise agus ag ráta úis 5% fuair achan pharóiste £15 sa bhliain le bheith caite ar mhúinteoir le hoideachas a chur ar fáil do pháistí an pharóiste. Ba mhór an cuidiú a bhí anseo do Dheoise Ráth Bhoth ag an am agus is cinnte gur bhain páistí as achan chreideamh tairbhe as.

Dúirt sé ina thiomna fosta gurb í an Eaglais Phrotastúnach a dhéanfadh an t-airgead seo a riaradh sna paróistí éagsúla ach go gcaithfeadh páistí as achan chreideamh deis a fháil ar oideachas ón chiste seo agus go mbfhéidir go gcuideodh sé le páistí ó chreidimh eile an solas a fheiceáil lá éigin agus iad a threorú isteach san Eaglais Phrotastúnach.

## Scoltacha sa cheantar seo.

Ceann de na chéad tagairtí de scoltacha sa cheantar seo ná 1826 agus an t-aon dá scoil atá luaite sa cheantar seo ná **Doire a' Chasáin** agus **Ceann na Leargaí**. Ba scoil faoin Eaglais Phrotústúnach a bhí i Scoil Cheann na Leargaí a bhí maoinithe ag Ciste Robertson ach de réir na dtuairiscí faoi Scoil Dhoire a' Chasáin ba scoil scairte a bhí inti, bhí cibé sórt foirgnimh a bhí in úsáid róbheag agus cha raibh de theacht isteach don mháistir scoile ach 1/8 go 2/6 sa ráithe agus



*Teach Uí hAodha*
*(Áit a raibh Scoil Ceann na Leargaí)*

bheadh ar an phobal seo a chur ar fáil. Cha raibh teacht isteach ó fhoinse ar bith eile agus mar sin cha raibh deis ar bith bail a chur ar an fhoirgneamh. Is cosúil gur haistríodh Scoil Dhoire a' Chasáin go dtí an Ard Bhán am inteacht roimh 1835 mar nach bhfuil Doire a'Chasáin luaite i dtuairisc na bliana sin cé go bhfuil an tArd Bán luaite mar áit a raibh Scoil Scairte ann. Ach de réir cosúlachta bhí scoil i nDoire a'Chasáin Mór fán bhliain 1846. Aistríodh an scoil ar ais ón Ard Bhán go Doire a' Chasáin fán bhliain 1856 ach níl mórán eolais againn fúithi ag an am sin ach go raibh Cornelius Mac Giolla Chearra mar mháistir scoile inti ach gur briseadh as a phost é sa bhliain 1860 as siocair nach raibh éifeacht ar bith ag baint lena chuid teagaisc. Bhí sé iontach coitianta ag an am múinteoirí a bheith a mbriseadh as a bpostanna bunaithe ar thuairiscí na gcigirí. Tá a fhios againn go raibh Scoil Dhoire a'Chasáin, sular fosclaíodh an scoil úr, sa teach ar chaith Pat Dhonchaidh Shéarlaí a shaol ann ag gréasaíocht.

Cha deachaigh an fhoghlaim amogha ar Phat Dhonchaidh, fear léannta a raibh leabharlann den scoth aige ina theach. Tógadh an scoil úr náisiúnta i nDoire a' Chasáin, cúpla céad slat anuas an bealach ón tseanscoil, sa bhliain 1901. Druideadh an scoil seo sa bhliain 1964 mar nach áit folláin a bhí inti le hoideachas a chur ar pháistí agus d'aistrigh na páistí agus an fhoireann scoile go Coláiste Ros Goill. D'oscail Scoil Naomh Bríd i gCeann na Leargaí sa bhliain 1969.

## Scoil Úr ar an Ghlíob.

Moladh sa bhliain 1818 go dtógfaí scoil úr ar an Ghlíob agus chuir an Reachtaire (Rector), agus caithfidhse go raibh talamh aigesan ansin, acra talaimh ar fáil le haghaidh seo. Ach níor tógadh an scoil anseo ariamh mar socraíodh in 1825 nach raibh an suíomh seo fóirsteanach do scoil an pharóiste agus rinneadh cinneadh ansin an scoil a thógáil i gCeann na Leargaí, rud a rinneadh sa bhliain 1831. Tá a fhios againn go raibh scoil de chineál éigin anseo roimhe seo mar rinneadh tagairt di in 1826 mar 'a wretched hovel' agus sé cloigne déag agus fiche ag freastal uirthi. Rinneadh tagairt fosta de Scoil Cheann na Leargaí sa suirbhéireacht ordanáis a rinneadh 1831 agus dúradh go raibh leathchéad ar fad ag freastal uirthi – 25 Protastúnach agus 25 Caitliceach. Mar a luaigh mé cheana bhí an scoil seo maoinithe ag Ciste Robertson agus fosta ag an Eaglais Phrotastúnach agus ag an phobal a rinne freastal uirthi. Tháinig ardú ar an mhaoiniú ó Cholonel Robertson agus bhí £40 le fáil don scoil úr a tógadh i gCeann na Leargaí 1831. Tógadh scoil úr eile ina háit seo i gCeann na Leargaí sa bhliain 1897 agus lean sí ar aghaidh ag cur foghlama ar pháistí Protastúnacha agus Caitliceacha go dtí gur druideadh í i Mí na Nollag 1944 nuair nach dtiocfaí í a choinneáil ag feidhmiú a thuilleadh as siocair gur thit na huimhreacha an oiread sin.

Níl tagairt ar bith eile de scoil a thógáil ar an taobh thoir arís go dtí an bhliain 1845 nuair a



*Teach Pat Dhonchaidh Shéarlaí*
*(Áit a raibh Scoil Dhoire a'Chasáin am amháin)*

moladh teach scoile a thógáil i nGort na Luchóg. Níl a fhios agam an raibh scoil scairte anseo in am éigin, níl sé luaite áit ar bith ach is cinnte gur **'ard na scoile'** a thugtar ar an ard sin atá faoi theach Mháire 'Ac Fhionnlaoich i nGort na Luchóg. Ar aon nós thángthas ar athrú intinne faoi scoil a thógáil i nGort na Luchóg mar gur socraíodh ansin go mbeadh Dún Dúbháin níos fóirsteanaí mar go



*Seanscoil Mhíobhaigh*

raibh sé níos lárnaí agus beartaíodh go bhfaighfí léas ón Iarla Liatroma le seo a dhéanamh. Níl fianaise ar bith gur cuireadh scoil de chineál ar bith ar bun ag an am ach deich mbliana is fiche ina dhiaidh sin, sa bhliain 1874 cuireadh seanscoil Mhíobhaigh ar bun in Ailt a'Chaorthainn. Sa bhliain 1881 tarraingíodh siar an deontas don scoil seo de thairbhe nach raibh an foirgneamh fóirsteanach agus lena chois sin briseadh as a phost an múinteoir Niall Mac Eamharacaigh de thairbhe nach raibh caighdeán a chuid oibre sásúil.

Tamall ina dhiadh seo tógadh scoil úr ar an Ghlíob agus ceapadh Mánas Ó Siadhail nach raibh ach ocht mblian déag d'aois mar mhúinteoir ar an chéad lá de mhí na Samhna 1883. Ach cha rabhthas sásta le Ó Siadhail ach oireadh agus tugadh bata agus bóthar dó sa bhliain 1885. Níl sé róshoiléir ansin cé acu bhí an scoil ar an Ghlíob ina dhiaidh seo nó nach raibh ach is cinnte nach ar an Ghlíob a bhí an scoil sular fosclaíodh an scoil úr i Míobhaigh 1923 mar go ndeachaigh cuid mhór den ghlún a chuaigh romhainn go dtí an



*Scoil Mhíobhaigh*

tseanscoil in Ailt a' Chaorthainn áit ar theagasc Bill Mac Lochlainn. D'aistrigh siad uilig go dtí scoil úr Mhíobhaigh 1923. Bhí scoil anseo go dtí an bhliain 1969 nuair a cónascadh Scoil Mhíobhaigh agus Scoil Dhoire a'Chasáin, bhí siad faoin díon amháin as sin amach i Scoil úr Cheann na Leargaí.

Tógadh scoil ar Oileán a'Bhráighe sa bhliain 1843, bhí tuairim is trí fichead duine ina gcónaí ar an oileán ag an am. John Connor a bhí mar mhúinteoir anseo i dtús báire, fear nach raibh ach scór bliain d'aois, bhí sé ansin os cionn deich mbliana ach druideadh an scoil seo sna hochtdeág seascaidí mar nach raibh freastal ceart a dhéanamh uirthi.

## Na Scoileanna Náisiúnta.

Is fiú machnamh gur cheantar láidir Gaeltachta a bhí sa cheantar seo ag an am agus nuair a cuireadh na scoltacha náisiúnta ar bun sa bhliain 1831 bhí sé mar aidhm acu deireadh ar fad a chur le Gaeilge agus san áireamh anseo dár ndóigh bhí na ceantracha ina raibh an Ghaeilge láidir iontu agus mar theanga cumarsáide na ndaoine agus dár ndóigh bhí limistéar mór den tír a raibh seo amhlaidh fán am ar cuireadh na scoltacha náisiúnta ar bun 1831. Dúirt Seán Ó hEochaidh ar chlár 'Fios Feasa' ar Raidió na Gaeltachta blianta ó shin gur i ndiaidh bhunadh na scoltacha náisiúnta a thosaigh meath na teanga i ndáiríre agus go háirithe an saibhreas cainte a bhí sa teanga. Dúirt sé gur san am sin a tosaíodh Béarla a bhrú ar dhaoine agus go bhfuilear a dhéanamh sin go dtí an lá inniu. Ba le linn na tréimhse seo a bhí ar pháistí an 'bata scoir' nó an 'tally stick' a bheith ceangailte fán mhuineál acu. Achan uair a labhródh an páiste Gaeilge chuirfí eang (notch) sa bhata agus ag deireadh an lae chuirfí pionós ar an pháiste de réir an méid eangaí a bheadh ar an bhata.

Dúirt Ó hEochaidh go raibh tionchar mór ag an Bhéarla ar chaint na ndaoine fiú sa Ghaeltacht fhéin agus go raibh daoine ag smaoineamh i mBéarla agus a aistriú go Gaeilge. Dúirt sé gur chuir sé iontas an domhain air lá amháin cainteoir dúchais Gaeilge, a tháinig isteach 'un tigh i ndiaidh bailc fearthainne ag rá: 'fuair mo hata fliuch' in áit a rá gur 'fliuchadh mo hata'. Dúirt sé gur thosaigh an truailliú seo leis na scoltacha náisiúnta. Caithfear cuimhne gurbh í an Bhéarla teanga teagaisc na scoile san am sin agus go minic ní bhíodh Gaeilge ar a dtoil ag na múinteoirí agus cha raibh mórán le hiad a mhealladh isteach i gceantar iargúlta mar seo áit a raibh na páistí ar

bheagán Béarla.

Mar sin, de thairbhe nach raibh Gaeilge ar a dtoil ag cuid mhaith de na múinteoirí san am, bhí leisce orthu a theacht isteach i gceantracha láidre Gaeltachta. Níor chuidigh seo le forbairt ná le fás ceart a theacht ar chúrsaí oideachais sna ceantracha seo.

### Staid na nDaoine.

Seo na scoltacha a bhí ar fáil do bhunadh an Íochtair ón chéad leath den naoú aois déag ar aghaidh. Cha dtig comparáid ar bith a dhéanamh le saol na scoile ná le saol an phobail san am sin le taobh mar tá sé inniu. Cha raibh mórán de ghléas maireachtála ar na glúnta a chuaigh romhainn agus ina gcuid iarrachtaí a theacht i dtír ar an bheagán cha raibh oideachas ar an chloch ba mhó ar a bpaidrín. Daoine a raibh fonn orthu go gcuirfí léann de chineál éigin ar a gcuid páistí cha raibh an córas ná na foirgnimh a bhí ansin ar dhóigh ar bith spreagúil ná tarraingteach -foirgnimh loma, fuara, salacha, lán toite den chuid is mó agus múinteoirí a bhí, go minic, neamhoilte, ar bheagán suime, agus faoi smacht agus faoi bhrú ag cigirí. Bhí eisceachtaí ann cinnte agus bhí amanna a raibh múinteoirí cumasacha i scoltacha ach insíonn tuairiscí na gcigirí an scéal mar a bhí sé. Tugann tuairisc an chigire faoina chuairt ar sheanscoil Mhíobhaigh ar an 6ú lá d'Eanáir 1874 léargas dúinn ar an dóigh a raibh rudaí - den chúigear déag is daichead a bhí ar an scoil an lá áirithe sin bhí dhaichead acu i rang 1 agus neart acu seo ceithre bliana déag / cúig bliana déag d'aois. Bhí a mhacasamhail seo le fáil i bhformhór scoltacha na linne sin mar nach ndeachaigh páistí 'na scoile go rialta agus chaith siad blianta fada sna bunranganna. Ba le linn an Gheimhridh ba mhó a rinneadh freastal ar an scoil. Le linn na séasúr eile bhí an barr le cur, le sábháil agus le baint mar a bhí an mhóin. Thit tromlach na hoibre seo ar pháistí mar go minic bhíodh a gcuid aithreacha ag obair as baile, fá Albain agus áiteacha eile. Agus cad é fá shéasúr na fostaíochta, nár chuir seo isteach go mór ar oideachas na bpáistí?

### Litearthacht 1901

Níl dóigh níos fearr le fáil amach cad é mar chuaigh scoltacha agus córas oideachais na tíre sa 19ú aois i bhfeidhm ar phobal an cheantair seo ná staidéar a dhéanamh ar staid litearthachta an cheantair mar atá sé léirithe i ndaonáireamh na bliana 1901.

Le staidéar a dhéanamh ar litearthacht sa cheantar seo 1901 d'fhág mé amuigh páistí a bhí faoi sheacht mbliana d'aois mar nach mbeadh mórán páistí sa cheantar ag an aois sin a mbeadh léamh ná scríobh acu. Ansin roinn mé an daonra suas ina **dhá aoisghrúpa** - an chéad aoisghrúpa, seo daoine ó sheacht mbliana go naoi mbliana is fiche agus an dara aoisghrúpa, ó thríocha bliain ar aghaidh.

**Aoisghrúpa 1**: 7 - 29 bl.

**Aoisghrúpa 2**: 30 bl. +

## Ceantar an Íochtair sa bhliain 1901

**Tá an t-eolas maidir le cé mhéad duine as an 966 a bhí liteartha nó neamhliteartha le fáil sna léaráidí seo a leanas.**

**Daonra Liteartha. - Léamh agus Scríobh acu.**

**Daonra Neamhliteartha - Gan léamh ná scríobh.**

| *Daonra iomlán* | *Líon na ndaoine in Aoisghrúpa 1* | *Líon na ndaoine in Aoisghrúpa 2* | *Líon na ndaoine a bhí 7 mbliana nó os a chionn* |
|---|---|---|---|
| 1177 | 477 | 489 | 966 |

## Daonra Liteartha / Neamhliteartha i gCeantar an Íochtair sa bhliain 1901


| | *Líon na ndaoine in Aoisghrúpa 1 7 mbl. - 29 bl.* | *Líon na ndaoine in Aoisghrúpa 2 30 bl. +* | *Líon na ndaoine a bhí seacht mbliana nó os a chionn* |
|---|---|---|---|
| **Liteartha** | 361 | 200 | **561** |
| **Neamhliteartha** | 116 | 289 | **405** |
| Iomlán | 477 | 489 | **966** |

Ciallaíonn sin go raibh **58.1%** de dhaonra an cheantair (7 mbliana nó os a chionn) a raibh léamh agus scríobh de chineál éigin acu sa bhliain 1901.

Amharcfaidh muid anois ar an dá rannóg éagsúil
Aoisghrúpa 1 (7mbl go 29bl) agus Aoisghrúpa 2 (30 bl. +).

***Aoisghrúpa 1***
***Líon daoine ó 7 mbl. go 29 bl. = 477***

***Aoisghrúpa 2***
***Líon daoine 30+ bl. = 489***




Amach as an 477 duine ó sheacht mbliana go naoi mbliain is fiche bhí 361 nó **75.7% liteartha.**

Amach as an 489 duine a bhí deich mbliana is fiche nó os a chionn bhí 200 acu nó **40.9% liteartha**

Insíonn seo dúinn, mar a bheifeá ag súil leis, nach raibh ach 24.3% de na daoine sa ghrúpa 7mbl go 29bl neamhliteartha ach go raibh 59.1% de na daoine os cionn 30bl. neamhliteartha.

Bhí cuid mhaith de na bailte fearainn a raibh líon na ndaoine a bhí neamhliteartha iontu níos airde ná an meán. Bhí a mhalairt seo fíor fosta mar go raibh bailte fearainn ann, go háirithe na bailte fearainn a raibh cónaí ar Phrotastúnaigh iontu, ina raibh líon na ndaoine neamhliteartha i bhfad níos isle ná an meán don cheantar. Tá muid chun amharc anois ar chuid de na bailte fearainn seo.

Má chuireann muid **an tArd Bán agus Dumhaigh** le chéile seo an pictiúr a gheobhann muid.

## An tArd Bán/ Dumhaigh

Daonra de 229 a bhí idir an dá bhaile fearainn agus nuair nach gcuirtear san áireamh na páistí faoi

| ***Daonra iomlán*** | ***Daonra - 7mbl. agus os a chionn*** | ***Líon na ndaoine liteartha*** | ***Líon na ndaoine a bhí ne-amhliteatha.*** |
|---|---|---|---|
| 229 | 188 | 73 | 115 |

sheacht mbliana d'aois tá tú fágtha le 188. Amach as an 188 ní raibh ach 73 acu, sin **38.8%** ábalta léamh nó scríobh i gcomparáid le **58.1%** sa cheantar iomlán.. Bhí an chuid eile acu, 115 nó 61.1% ne-amhliteartha. Ach, mar atá ráite agam, bhí furmhór na mbailte fearainn a raibh a gcás mar a gcéanna.

Chun fáil amach cad chuige a raibh na figiúirí seo comh héagsúil sin leis na meáin don cheantar níl orainn ach amharc ar cheithre bhaile fearainn eile, sin **Míobhaigh, an Machaire Beag, Ceann na Leargaí agus Oileán a'Bhráighe.**

## Míobhaigh, Machaire Beag, Ceann na Leargaí, Oileán an Bhráighe.

Tá sé le feiceáil ón learáid go raibh 117 acusan nó 95.9% ábalta léamh agus scríobh agus nach raibh ach cúigear acu, sin 4.1%, nach raibh léamh ná scríobh acu. Tá an céadatán a bhí liteartha i bhfad níos airde ná an meán don cheantar.


| *Daonra iomlán* | *Daonra - 7 mbl nó os a chionn.* | *Líon na ndaoine liteartha* | *Líon na ndaoine neamhliteartha.* |
|---|---|---|---|
| 135 | 122 | 117 | 5 |

Tá muid chun amharc a thabhairt ar bhaile fearainn amháin eile agus sin Doire a' Chasáin. Bhí Doire a'Chasáin Mór agus Beag san áireamh anseo, comh maith leis an Bhaile Úr agus Gorta Móra.

## Doire a'Chasáin.

As an 181 sin bhí 105 acu a bhí ábalta léamh agus scríobh, sin **58.1%**. Insíonn an léamh seo dúinn go raibh na figiúirí do Dhoire a' Chasáin mar a bhí an meán don cheantar.

| *Daonra iomlán* | *Daonra - 7 mbl nó os a chionn.* | *Líon na ndaoine liteartha* | *Líon na ndaoine neamhliteartha.* |
|---|---|---|---|
| 222 | 181 | 105 | 76 |



**Na Torthaí.**

Tá comparáid idir **Doire a'Chasáin** agus **an tArd Bán / Dumhaigh** thar a bheith suimiúil. De réir an daonáirimh bhí 58.1% de phobal Dhoire a'Chasáin ábalta léamh agus scríobh i gcomparáid le 38.8% de phobal Ard Bán / Dumhaigh. Fágann sin go raibh 41.9% de phobal Dhoire a'Chasáin nach raibh léamh ná scríobh acu ach go raibh sé comh hard le 61.1% ar an Ard Bhán / Dumhaigh. Is cinnte go raibh baint mhór ag suíomh na scoile le seo agus mar atá luaite cheana ba Dhoire a'Chasáin agus Cheann na Leargaí na chéad áiteacha atá luaite ó thaobh scoltacha de sa cheantar seo.

Ba i nDoire a' Chasáin a bhí an scoil agus cé gur haistríodh í go dtí an Ard Bhán ar feadh tréimhse níl mórán eolais againn fúithi ag an am seo nó cén dóigh a raibh sí ag feidhmiú. Tá a fhios againn gur haistríodh í ar ais go Doire a'Chasáin thart fán bhliain 1856 agus is cinnte go raibh tionchar mór ag an scoil ar phobal an cheantair sin ón am sin ar aghaidh mar go raibh léamh agus scríobh ag 77.3% de phobal Dhoire a' Chasáin a bhí san aoisghrúpa 7mbl. - 29bl. de réir daonáirimh na bliana 1901.

Maidir leis na bailte fearainn ina raibh céatadán ard den phobal a raibh léamh agus scríobh acu, **sin an Machaire Beag, Ceann na Leargai, Míobhaigh agus Oileán an Bhraighe,** luaigh mé cheana fhéin gur Phrotastúnaigh ar fad a bhí sna bailte seo taobh amuigh de dhá theaghlach a raibh cónaí orthu ar Oileán a'Bhráighe. Bhí na bailte fearainn seo ar fad ar chríocha Cheann na Leargaí áit a raibh an scoil suite. Bhí dóigh níos fearr ar bhunús na bProtastúnach fosta agus iad ábalta a theacht i dtír níos fearr ar na feirmeacha a bhí acu agus chuidigh seo leo oideachas a chur ar a gcuid páistí. De réir tuairisce a rinneadh faoi scoltacha sa bhliain 1826 cé gur tugadh 'wretched hovel' ar an fhoirgneamh do scoil Cheann na Leargaí is fiú a lua go raibh sé cloigne déag agus fiche ag freastal uirthi. Fán bhliain 1834 i ndiaidh foirgnimh úr a bheith tógtha ón bhliain 1831 bhí leathchéad ag freastal uirthi, 25 Protastúnach agus 25 Caitliceach. Bhí Caitlicigh ag freastal ar scoil Cheann na Leargaí go dtí gur druideadh í sa bhliain 1944.

Cé nach ndéanfaí iontas ar bith i saol an lae inniu go raibh scaifte maith Caitlicigh ag freastal ar scoil Cheann na Leargaí tá sé suimiúil é seo a chur i gcomhthéacs na linne sin. Cé go raibh smacht láidir daingean ag an chléir Chaitliceach ar a bpobal chuir tuismitheoirí Caitliceacha Ros na Binne agus Cheann na Leargaí a gcuid páistí go Scoil Cheann na Leargaí cé go raibh sí faoi stiúir na hEaglaise Protastúnaigh agus scoil bhreá i nDún Dumháin, sin Scoil Mhíobhaigh, ón bhliain 1923 faoi stiúir na heaglaise Caitlicigh. Cad chuige seo? Mar go raibh scoil Cheann na Leargaí i bhfad níos cóngaraí dóibh agus is cinnte go mbeadh a lán laethanta le linn an Gheimhridh nach mbeifí ábalta an turas go Míobhaigh a chur díobh.

De réir agallamh a rinne Máire Ní Shibhleáin (Stephen) do Ghuth Ghoill roinnt blianta ó shin dúirt sí go dtáinig sagart paróiste amháin, ar a laghad, chun cainte leis na tuismitheoirí, sin an Canónach Ó Baoill, agus chomhairligh sé agus bhagair sé orthu a gcuid páistí a chur go scoil Mhíobhaigh ach rinneadh neamhaird dá chomhairlí agus dá chuid bagairtí agus d'fhan na páistí ag freastal ar scoil Cheann na Leargaí.

Is fiú fosta a lua go raibh scoil ar **Oileán a'Bhráighe** ó na hochtdéag daichidí go dtí na hochtdéag seascaidí agus is cinnte gur chuidigh sé go mór le pobal an oileáin scoil a bheith ar leac a'dorais acu cé nár mhair sí ach trí bliana is fiche. Maidir le suirbhé nó daonáireamh ar bith tá tú ag brath go mór ar ionraiceas na ndaoine agus caithfear glacadh leis mar sin gur freagraí ionraice a cuireadh síos agus go dtig iad a úsáid mar shlat tomhais. D'fhéadfadh sé gur chuir daoine síos go raibh léamh agus scríobh acu agus go m'bfhéidir nach raibh a gcaighdeán léitheoireachta ná scríobhnóireachta ró-ard ach sin scéal eile ar fad mar go mbeadh éagsúlachtaí móra sa cheantar maidir leis an chaighdeán de am ar bith. Ach sin agus eile is cinnte go dtugann an daonáireamh léargas réasúnta cruinn dúinn faoi caidé mar bhí cúrsaí liteartha sa cheantar seo san am sin.

Chíonn tú i gcónaí rudaí a chuireann thú ag smaoineamh agus tú i mbun taighde den chineál seo.

Bhí fear i nDumhaigh, Micheál Mac Pháidín, a bhí deich mbliana agus na ceithre scór, rud a d'fhág gur rugadh é fán bhliain 1811; bhí léamh agus scríobh aige. Bíonn siad ann!

*Aodh Mac Laifeartaigh*

# Comórtas Agallamh Beirte Céim Aniar 2011

*Ghlac os cionn leathchéad dalta páirt sa Chomórtas Agallamh Beirte a bhí a reáchtáil ag Céim Aniar in Áras Ros Goill ar an Satharn, 15 Deireadh Fómhair. Bhí an comórtas seo, a bhí ina bhabhta cáilitheach d'Oireachtas na Gaeilge, oscailte do pháistí bunscoile ó rang a trí ar aghaidh agus do mhicléinn meánscoile. Ba é Seán Ó Gráinne, Oireachtas na Gaeilge a rinne an mholtóireacht agus seo thíos na buaiteoirí sna rannóga éagsúla.*

***Rang 3 & 4 -*** *An Chéad áit: Mícheál Pasoma agus Rónán Ó Gallachóir. An Dara háit: Niamh Ní Cheallaigh agus Seosamh Shankley Smith.* ***Rang 5 & 6 -*** *An Chéad áit: Éamonn Ó Raghallaigh agus Raonaid Ní Dhúbhláin. An Dara háit: Rebecca Nic Nuadht agus Laura Pasoma.* ***Daltaí meánscoile -*** *An Chéad ait: Ruaidhrí Mac Conaglaigh agus Ailín Pasoma. An Dara háit: Conchúr Ó Cathasaigh agus Míobha Nic Fhinneachta.*



*Mícheál agus Rónán*



*Niamh agus Seosamh*



*Éamonn agus Raonaid*



*Rebecca agus Laura*



*Ruaidhrí agus Ailín*



*Conchúr agus Mí*obha leis an mhóltóir

# Feadaímó



Tá Feadaímó agus Domhnall ina seasamh taobh amuigh de theach an Choirnéil Albertson. Tá siad ag éisteacht le cuid saighdiúirí na beairice ina rith thart a gcuardach. Tá Éamonn leo le muscaed ina lámh agus é gléasta i gculaith gnáth saighdiúra agus Paidí lena dtaobh gléasta i gculaith Chaptaein. Tá airgead na tána acu chomh maith le hairgead an Choirnéil. Tá an Coirnéal agus Síle leo fosta agus lámha na beirte ceangailte agus tostanna ina mbéil. "Beidh sé deacair againn fáil amach i ngan fhios," arsa Paidí. "Bhail, a Fheadaímó," arsa Domhnall, "tá sé go réidh agat an plean sin a scaoileadh uait." "Tá sé furasta go leor," arsa Feadaímó. Gabh isteach 'un tigh arís, a Phaidí, agus tabhair amach gunnaí dúinn uilig. Tá na piléir i mbosca sa chistin." "Ceart go leor," arsa Paidí agus chuaigh sé isteach. "Níl dóigh ar bith a bhfaigheadhas muid amach na geaftaí tosaigh anois," arsa Feadaímó. "Beidh ormsa dul thar an bhalla." D'amharc siad uilig air. "Cad é faoi Dhia atá tú ag rá? a Fheadaímó," arsa Éamonn. "An bhfaca tú airde an bhalla sin?" "Chonaic cinnte, tá scrúdú maith déanta agam den áit ón taobh amuigh." Thosaigh Domhnall ag caint. "Cad é'n dóigh……?" "Níl faill agam do na ceisteanna seo, a Dhomhnaill," arsa Feadaímó, ag briseadh isteach air. "Tá Tuathal agus Seán ag coinneáil súl ar an gheafta tosaigh agus caithfidh mé teagmháil a dhéanamh leo nó beidh muid uilig san fhaopach. Téigí go dtí an gheafta cúil, gabhaigí i bhfolach, ach bígí ag éisteacht amach fá mo choinne. Má tá dóigh agaibh leis an gheafta a oscailt sin mar is fearr é ach ní dóigh liom go mbeidh sibh ábalta. Doras mór daingean atá ann agus fosclaíonn sé isteach." "Bheadh sé deacair," arsa Éamonn. "Sa chéad áit, níl a fhios againn an dóigh le fáil a fhad leis an gheafta cúil." "Tá a fhios ag an Choirnéal," arsa Feadaímó. D'amharc Domhnall ar an Choirnéal, "Cén bealach a bhéarfas muid go dtí an doras cúil, a bhastaird?" Cha raibh bogadh ón Choirnéal. "Níl an boc sin chun rud ar bith a insint dúinne," arsa Domhnall. "Gabh amach as mo chosán," arsa Feadaímó. "Cuirfidh mise ceist air." Thosaigh an Coirnéal ag croitheadh a cheann. Bhí an eagla a bhí air le feiceáil ina shúile agus é ag mungailt go hard isteach ina thostóir. "An bhfuil tusa sásta insint do na fir uaisle seo an bealach is fearr le dul chuig an gheafta cúil?" Chroith an Coirnéal a cheann. Fuair Feadaímó greim muiníl air agus thóg sé a dhorn. Chroith an Coirnéal a chloigeann go gasta. "Maith go leor," arsa Feadaímó, "níl feidhm orm an tost a bhaint ó do bhéal. Siúl thusa rompu go díreach, agus, a Dhomhnaill, má chuireann sé sibh amugha ar dhóigh ar bith, faigh réitithe do, an dtuigeann tú mé?" "Ná bíodh eagla ar bith ort," arsa Domhnall, "bheadh lúcháir ormsa an deis a fháil sin a dhéanamh." Bígí ar shiúl mar sin," arsa Feadaímó.

Chuaigh Domhnall a fhad le doras an tí agus d'oscail sé é. "A Phaidí," a dúirt se i gcogar, "an bhfuil tú réidh?" Le sin tháinig Paidí amach agus trí ghunna leis, piostal agus dhá mhuscaed. Thug sé muscaed do Dhomhnall agus thiontaigh sé chuig Feadaímó. "Tabhair an piostal domhsa," arsa Feadaímó. "Tá agamsa le dhul ag dreapadóireacht." "Maith go leor," arsa Paidí, "tá sé philéir sa revolver seo agus tá tuilleadh sa mhála beag seo." D'amharc sé thart agus chonaic sé na haghaidheanna dáiríre ar na boic eile. "Cá bhfuil muid ag dul, a dúirt sé agus crith ina ghlór?" "Tá sin uilig socraithe, a Phaidí," arsa Feadaímó, "anois, déanaigí deifre," Chroith Domhnall a lámh le Feadaímó. "Tá mé iontach buíoch duit," a dúirt sé. "Arú," arsa Feadaímó, "cha dtiocfadh liom thú a fhágáil istigh sa phríosún. Mo lochtsa a bhí ann gur beireadh ort." "Bhail cha bhíonn sé chomh furasta dallamullóg a chur ort arís." "Tá shúil agam," arsa Feadaímó. Thosaigh Domhnall ag gáire. "Bí thusa cúramach, a ghasúir," Thiontaigh sé agus bhrúigh sé an Coirnéal agus Síle chun tosaigh. "One mistake, Albertson me boy, and you'll never make another one."

Choinnigh Feadaímó súil orthu go dtí go ndeachaigh siad os radharc agus rith sé fhéin a fhad leis an bhalla. Sheas sé ar chúl cairte móire ag amharc thart. Chonaic sé na saighdiúirí ar na rampair. Bhí sé soiléir go raibh achan saighdiúir ar a bhiorda de thairbhe an racán a bhí na saighdiúirí eile ag tógáil agus iad ar lorg Feadaímó is na boic eile. Cha raibh faill ag Feadaímó a bheith ina shuí thart mar bhí an oíche ag imeacht agus bheadh se i bhfad níos deacra acu éalú le solas an lae. Chonaic sé na staighrí ag dul suas chuig na rampair agus shiúl sé go formhothaithe ina dtreo. Cha raibh clúdach de shórt ar bith aige agus bhí, ar a laghad, tríocha slat idir an chairt agus an balla. Bhí an t-ádh air, leoga, go raibh na saighdiúirí uilig ag amharc amach. Shroich sé an balla. Cha raibh sé ábalta na saighdiúirí a fheiceáil os a cheann anois agus cha raibh a dhath fána choinne ach dul suas. D'amharc sé ar chlé agus ar dheis agus chonaic sé saighdiúirí thart fá fiche slat ar shiúl ar achan taobh. "B'fhéidir nach bea seo an áit is fearr le dul thar an bhalla," a dúirt sé leis fhéin, ach bhí na saighdiúirí an-tiubh ar na rampair uilig. Chuir sé a chloigeann suas thar bharr na staighrí agus ar an drochuair chonaic sé saighdiúir ina sheasamh díreach os a chomhair ag amharc air. "Bhí an oiread sin d'iontas ar an saighdiúir nach raibh a fhios aige cad é le déanamh. D'éirigh Feadaímó go tobann agus bhuail sé an saighdiúir lena dhorn agus thit sé ina chnapán. Chuir sé é na luí go deas ciúin, ach cha raibh sé ciúin go leor. Lig an saighdiúir ar a thaobh chlé scairt as. "Halt, who goes there?" Chuaigh Feadaímó thar an bhalla. Choinnigh sé greim ar bharr an bhalla agus ansin scaoil sé saor a chuid méar agus thit sé go talamh. Rith sé mar an diabhal trasna na sráide agus piléir ag buaileadh an talaimh thart air. "Buíochas do Dhia ar shon an dorchadais," arsa Feadaímó leis fhéin,

agus chuaigh sé thart an choirnéal. Chuaigh sé síos a fhad leis an abhainn agus thiontaigh sé ar chlé. Rith sé a fhad leis an droichead agus thiontaigh sé ar chlé ar ais. Gan i bhfad chonaic sé geafta tosaigh na beairice os a chomhair. Bhí slua de na saighdiúirí amuigh ar an tsráid ag rith i dreo na sráide inár éalaigh Feadaímó. Chuaigh Feadaímó chuig an áit a bhí socraithe aige buaileadh le Tuathal agus Seán. Cha raibh siad le feiceáil. D'amharc sé thart. "Ó, a Dhia," a dúirt sé leis fhéin. Bhí a fhios aige go dtiocfadh leis an rud uilig dul bun os cionn muna raibh sé ábalta teacht orthu. Ansin tháinig sé chuige go m'fhéidir gur beireadh ar an bheirt, agus más sin mar a bhí, go raibh siad uilig i gcontúirt mhillteanach. Ansin chuala sé duine éigin ag feadaíl leis go híseal. D'amharc sé thart agus chonaic sé Tuathal ar bharr sciobóil agus é ag croitheadh a lámha os a chionn. Rith Feadaímó a fhad leis. "Deifrígí a fheara, caithfidh muid na boic eile a fháil agus a bheith amuigh as an chathair roimh bhánú an lae." "Cad é fá Dhomhnall, ar scaoil sibh saor é, a Fheadaímó? arsa Seán. "Rinne, ach tá sé sa bheairic go fóill. Más féidir libhse na ceisteanna a fhágáil go dtí go bhfuil muid uilig amach as contúirt, b'fhéidir, b'fhéidir atá mé ar rá go bhfeicfidh sibh Tír Chonaill arís."

Ghlac sé tamall dóibh fáil a fhad leis an bheairic arís mar bhí na saighdiúirí le feiceáil achan áit. Choinnigh siad leis na cúlsráideanna nach raibh soilse iontu agus sa deireadh bhí an triúir acu ag amharc trasna na sráide ar an gheafta cúil. "Cad é anois?" arsa Tuathal. "Amharcann an geafta sin chomh láidir le balla teach phobail." "Ceart agat," arsa Sean, agus fosta má bhogann muid amach ar an tsráid sin scaoilfidh siad muid." "A fheara," arsa Feadaímó, "níl faill againn a bheith faiteach anois. Caithfidh muid aird na saighdiúirí a dhíriú ar áit éigin eile go díreach" "Agus tá barúil agatsa cén dóigh le seo a dhéanamh? arsa Seán. D'amharc Feadaímó air agus aoibh ar a aghaidh. "Chan seo an chéad uair domhsa rud mar seo a dhéanamh. Tosaígí an bheirt agaibhse ag ceol agus siúlaigí siar os comhair na beairice mar a bheadh sibh ólta." Bhí leisce ar an bheirt sin a dhéanamh ach chonaic siad ó aghaidh Fheadaímó nach raibh an dara rogha acu. Thosaigh siad ar 'Mo chró beag ag bun Chnoc a Tí' agus amach leo ar an tsráid. Shiúil siad ar shiúl ó Fheadaímó agus a nglórtha tógtha in airde acu. Thosaigh cuid de na saighdiúirí ag scairteadh go magúil orthu ach cha dtug an bheirt aird ar bith orthu go dtí go raibh siad píosa maith uaidh an ( ón ) gheafta. Thosaigh siad ag scairteadh ar na saighdiúirí ansin. "Hi you bigmouth," scairt Tuathal, "I never heard an English man who could sing," agus thosaigh siad ag ceol arís. Thosaigh cuid de na saighdiúirí ag ceol agus achan gháire amach astu. Go tobann rith Feadaímó trasna na sráide i ngan fhios agus bhuail sé cnag ar an gheafta. "A Dhomhnaill", a dúirt sé i gcogar. "Bea sin thusa, a Fheadaímó?" "Sea, an bhfuil an geafta foscailte agaibh?" Níl, tá glas air is níl muid ábalta rud ar bith a dhéanamh leis. Fosta tá saighdiúirí ag dul thart ar na rampair ó d'fhág tú." "Seasaigí ar cúl," arsa Feadaímó. Ghlac sé cúpla coiscéim chun deiridh agus rith sé in éadan an dorais. Bhuail sé é lena ghualainn, an méid a bhí ina chorp. Phléasc an geafta isteach agus thit Feadaímó ar an talamh in aice le cosa Dhomhnaill. Bhí na saighdiúirí ag scairteadh anois mar chuala siad an callán. "Deifrígí, trasna na sráide libh" arsa Feadaímó, "Beidh siad sa mhullach orainn am ar bith." Fuair sé fhéin greim ar an Choirnéal agus tharraing sé amach ar an tsráid é. Fán am seo bhí na saighdiúirí ar an rampar díreach os a cheann agus muscaeid s'acu dírithe ar Fheadaímó. Chuir Feadaímó an Coirnéal idir é fhéin is an bheairic agus tharraing sé a ghunna. Cha raibh fhios ag na saighdiúirí cad é le déanamh mar bhí an Coirnéal i gcontúirt dá dtosódh siad ag scaoileadh. Sula dtáinig oifigeach chucu le treoir a thabhairt dóibh bhí Feadaímó agus a dhream ina rith síos i dtreo na habhann. Bhí an Coirnéal ag tarraingt ar ais ó Fheadaímó ag iarraidh moille a chur air ach thóg Feadaímó é agus chaith sé é trasna a ghuaillí.

Bhí an dream uilig ag feitheamh air thíos ag bun na sráide os comhair an droichid áit a raibh saighdiúirí ar coimeád. "Goitsigí an bealach seo," arsa Feadaímó agus rith siad ar shiúl ón droichead. Phléasc gunnaí amach ar a gcúl agus scread Seán go pianmhar sular thit sé. "Aarrch! mo chos," a dúirt sé, "tá mé gortaithe." Thosaigh Paidí agus Éamonn ag scaoileadh agus chuir sin leisce ar na saighdiúirí. Chaith Feadaímó an Coirnéal chuig Domhnall. "Tóg an Coirnéal leat" agus thóg sé Seán. Rith siad leo agus na muscaeid le cloisteáil ar a gcúl. Bhí brú millteanach orthu coinneáil ag dul mar nach raibh siad cleachtaithe leis an chineál seo rásaíochta. Choinnigh siad ag dul mar bhí a fhios acu nach raibh a dhath ach an bás fána gcoinne dá mbéarfaí orthu. Chonaic Éamonn bád beag ina luí ar an fhéar le taobh na habhann agus scairt sé ar Fheadaímó. Char dhúirt Feadaímó a dhath ach rith sé i dtreo an bháid. Shíl sé fhéin anois go m'fhéidir go bhfaigheadh siad amach as an fhaopach go fóill. Scaoil duine dá dhream fhéin urchar ach cha raibh faill aige amharc cad é a bhí ag tarlú. Chuir sé Seán sa bhád agus tharraing sé an bád síos go dtí an uisce.

Beidh tuilleadh sa chéad eagráin eile.

# Ag Amharc Siar

Sa bhliain 1940, nuair a bhí mise thart fá sé bliana d'aois, bhí mé ar Scoil Mhíobhaigh. Scoil beirt mhúinteoirí, fear agus bean a bhí ann. Seomra mór amháin a bhí ann le tine fhoscailte ar an dá bhinn agus landair infhillte (folding partition) lár báire. Bhí Aifreann an Domhnaigh againn sa scoil ar a 10 a chlog ar maidin i rith an Gheimhridh agus bhí orainn an landair infhillte seo a shleamhnú ar ais go dtí taobh an tseomra tráthnóna Dé hAoine, réidh don Domhnach. Ag an am sin, le cois siúl 'na scoile, bhí orainn dhá fhód móna a iompair ón bhaile do thine na scoile. Bhí tábla an mhúinteora os coinne na tine agus an múinteoir ina shuí agus a thóin in aice na tine. Déarfainn b'fhéidir go raibh a thóin rósta do ó am go ham agus muidinne ar crith leis an fhuacht thíos sa seomra! Mar a deir na seandaoine, "Na trí rud is fuaire - tóin fir, glúine mná agus srón madaidh"

Sin uilig ráite anois, 'sé an rud a bhfuil mé ag tarraingt an scéil air ná go raibh muidinne inár suí sa bhaile i gCluain tSaileach tráthnóna amháin le coineascar nuair a chuala muid gur bhuamáil eitleán de na Gearmánaigh bád mór taobh amuigh de Thoraigh agus go raibh sí ar thine. Tháinig comharsa dúinn, Stephen Jack (Mac Giolla Bhríde) isteach agus d'imigh sé fhéin agus m'athair suas go dtí an Charraig Dhearg, ar thaobh Gháinne Bhig, áit a raibh an bád le feiceáil agus í ar thine agus í ag imeacht i dtreo an chladaigh i nDumhaigh. Ansin, siar ón Tor Mór, amach ón Chorrach, bhuail sí líonán (carraig faoin uisce). Dá bhfaigheadh sí thart ar an líonán sin, seans go rachadh sí isteach go Poll an Ghrianáin. Sílim gur "Kaliopi" an t-ainm a bhí ar an bhád seo a bhí ag seoladh, faoi thionlacan, as Halifax i gCeanada agus lasta mór min bhuí uirthi. Deirtear gur fhág sí an tionlacan ar an taobh thiar thuaidh d'Inis Trá Tholl agus nuair a buamáladh an bád gur fhág an criú i, naoi nduine is fiche acu, i mbád tarrthála.

Bhí a gcuid cearc féin leo ar an bhád seo sa dóigh is go mbeadh uibheacha deasa úra acu. Anois bhí an bád leath sáite suas ar an líonán agus an leath eile crochta amach áit a raibh doimhneacht farraige. In am ghairid chuaigh muintir an taobh thiar i gceann oibre ag gadaíocht, rud ar bith a bhí le fáil. Bhí siad santach ach, ma bhí féin, ní raibh sé i bhfad go raibh muidinne i mbun oibre fosta. Bhí scift, bád ocht dtroigh is fiche ar fad ag m'athair mór, Donnchadh Mhíchíl. Bád seoil a bhí inti, le bradáin agus éisc eile a iascach. An cóir éisc is mó a fuair siad in oíche amháin ná 217 bradán, amach ó cheann an Mhill Mhóir, ach lena chois sin chuaigh siad ar thuras go dtí an bhád seo a bhí ar an charraig agus thóg siad lasta mór den ghrán bhuí leo. Thug siad é isteach go Poll a' Nocsaí agus ó sin thug muid é aníos ar dhroim na n-asal. Bhí muileann ag Paidí Mór Mhicí Rua, ceann a rinne sé fhéin, agus spíon sé an oirneach buí dúinn. Bhí na cearca agus an coileach ar mire fána choinne agus is cuimhin liom na cearca a bheith ag reáchtáil trasna na sráide agus na huibheacha ag titim amach astu. Bhí an coileach gnóthach agus bhí éillíní éanáin againn ar feadh tamaill ina dhiaidh sin. An gcreidfeá go raibh muid ar dhroim na muice.

Is cuimhin liom fosta a bheith ag amharc amach





fuinneog na scoile agus ceathrar de chriú an bháid a fheiceáil ag siúl síos go Trá na Rossan, áit a bhfuair siad bád beag le dhul amach go dtí an bhád a bhí ar an charraig. Bhí Eoghan Dhonnchadh Eoghain as an Ard Bhán amuigh ar an bhád agus sac mór líonta le cearca aige. Chuaigh an criú ar an daoraí leis nuair a chonaic siad é ag goid na gcearc. Tharraing fear acu scian mhór fhada amach as a phóca agus bhí sé réidh le é a pholladh. Bhí muintir an taobh thiar santach agus an gcreidfeá, cha raibh muidinne faiteach ach oiread.

Nuair a thug muid faoi deara go raibh an coileach agus na cearca ag déanamh cúis mhaith ar an mhin bhuí, rinne muidinne brachán de. Ba é an deacracht is mó a bhí againn ná go raibh an min bhuí saillte agus bhí tart go bráth orainn i ndiaidh próg de a ithe. Bhí cuinneog bhláthaí i gcoirnéal sa chistin againn agus bhí an bláthach an-mhaith don tart.

Thug mé faoi deara go raibh mo chara Peadar ina rith thart le bata leis ar feadh tamaill ansin. Bhí siad ag rá go raibh a ghlúin ag cur isteach air. (Ba ghnách le aicíd a bheith ar na cearca uair amháin, aicíd bhacach na gcearc!) Sin ráite, chonaic mé Peadar le gairid agus déarfainn go bhfuil sé chomh folláin le breac anois agus chomh aclaí le cú. Cosúil liom fhéin, déarfainn go bhfuair sé tréan bracháin min bhuí ina óige.

*Seo Proinsí arís agus idir muid fhéin, níl mórán céille leis ó am go h-am!*

# Oíche Scéaldrámaí

in

## Óstán na Trá

**Na Dúnaibh**

Ceol

**Dé Sathairn, 26 Samhain, 2011**

**8.00 i.n.**

Agallaimh

Lúibíní

Amhrán Saothair

### Mangairí

dráma le Murray Shisgal á léiriú ag

*Buíon Phádraig, Luimneach*

### An Fear a Bhuail Bob ar an Bhás

Scéaldráma ó bhéaloideas Thír Eoghain á léiriú ag

*Aisteoirí Charn Tóchair, Co. Dhoire*

### Droch-Snaoisín

Scéaldráma le Proinsias Ó Cuilinn á léiriú ag

*Aisteoirí Mhíobhaigh*

### Dúthaigh Sheoigheach

Scéaldráma ó bhéaloideas Chonamara á léiriú ag

*Aisteoirí Chorr na Móna, Conamara*

**Cead Isteach: €5**

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

Urraithe ag Foras na Gaeilge

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com

Údarás na Gaeltachta